Gailearaí Olivier Cornet

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Ghailearaí Olivier Cornet. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc áfach, déan iarracht na focail thíos a cheangal le chéile.

1. corraí 2. cuir i dtaisce 3. taispeántas 4. ceannaitheoirí 5. pictiúir uiscedhathanna 6. faoi dhianghlasáil 7. na hiontais bheaga laethúla 8. leac an dorais 9. portach 10. gairdín cuimhneacháin 11. comóradh 12. turas fíorúil	a. *put away, save* b. *the daily little wonders* c. *bog* d. *watercolour paintings* e. *garden of remembrance* *f. virtual tour* g. *move, stir* h. *celebration, commemoration* i. *doorstep* j. *exhibition* k. *in lockdown* l. *buyers*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois féach ar an tuairisc le fáil amach an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth ar luadh 15 billiún sa mhír?
2. Cén fáth a bhfuil úinéirí gailearaithe ag díol níos mó i láthair na huaire?
3. Conas is féidir cuairt a thabhairt ar thaispeántas Eoin Mhic Lochlainn?
4. Cén fáth a raibh drochbhliain ag Olivier Cornet anuraidh?
5. Cén fáth ar roghnaigh Eoin Mac Lochlainn an teideal: ‘Is glas iad na Cnoic’?

6. Cad iad na radhairc a léirítear sna pictiúir sa taispeántas?

7. Cén fáth a ndearna Eoin Mac Lochlainn an pictiúr dar teideal ‘Gairdín Cuimhneacháin’?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den tríú huair agus aimsigh sampla amháin de na haimsirí seo a leanas a bhí le cloisteáil inti:

aimsir láithreach: _____
aimsir chaite: _____

Ceist 4 ‘…le linn **na paindéime**…’

1. Féach ar na focail eile seo a bhí sa mhír, an bhfuil siad firinscneach nó baininscneach?
2. Cuir sa tuiseal ginideach uatha anois iad agus cuir an t-alt leo. Tá an chéad cheann déanta duit.

Éire	(bain)	*muintir **na hÉireann***
gaoth	( )	*neart* _____
taispeántas	( )	*láthair* _____
saothar	( )	*luach* _____
fuinneog	( )	*dath* _____
doras	( )	*leac* _____
portach	( )	*ar fud* _____
farraige	( )	*chun* _____

Ceist 5 ‘… Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin…’

Smaoinigh ar chúig sheanfhocal eile atá ar eolas agat i nGaeilge agus pléigh leis an duine in aice leat iad.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil dúil agat san ealaín nó sna healaíona?
2. Féach ar na pictiúir sa mhír arís. Roghnaigh an ceann is fearr leat agus abair cén fáth a bhfuil dúil agat ann.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
g	a	j	l	d	k	b	i	c	e	h	f

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Seo thíos cúpla sampla i ngach cás:

aimsir láithreach: *meastar, go bhfuil, níl, deir, atá*
aimsir chaite: *tharla, bhí, seoladh, go raibh, choinnigh, cailleadh*

Ceist 4
Féach:

Éire	(bain)	*muintir* ***na hÉireann***
gaoth	(bain)	*neart* ***na gaoithe***
taispeántas	(fir)	*láthair* ***an taispeántais***
saothar	(fir)	*luach* ***an tsaothair***
fuinneog	(bain)	*dath* ***na fuinneoige***
doras	(fir)	*leac* ***an dorais***
portach	(fir)	*ar fud* ***an phortaigh***
farraige	(bain)	*chun* ***na farraige***

Ceist 5
Tá a lán seanfhocal le fáil ar an suíomh: http://www.daltai.com/proverbs/living-and-dying/

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo.

Eimear Ní Chonaola
Anois, ó tharla gur beag deis a bhí ag daoine corraí amach le linn na paindéime, meastar go bhfuil suas le 15 billiún euro curtha i dtaisce ag muintir na hÉireann le bliain. Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin, a deirtear. Agus, deir úinéirí gailearaithe go bhfuil siad ag díol i bhfad níos mó saothar le cúpla mí anuas.

Irene Ní Nualláin
Seoladh taispeántas nua ealaíne leis an ealaíontóir Eoin Mac Lochlainn i nGailearaí Olivier Cornet i gCathair Bhaile Átha Cliath, tráthnóna. Ar líne amháin atá an taispeántas le feiceáil ach níl an méid seo ag cur isteach ar cheannaitheoirí.

Olivier Cornet, Gailearaí Olivier Cornet
For the last few weeks actually things have been picking up.

Irene Ní Nualláin
Deir Olivier go raibh drochbhliain aige anuraidh ach go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas agus breis saothar á ndíol aige le roinnt míonna anuas. 'Is glas iad na Cnoic' an teideal atá ar an taispeántas, pictiúir uiscedhathanna atá iontu, bunaithe ar an tréimhse a chaith Eoghan faoi dhianghlasáil.

Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir
An rud atá i gceist ná b'fhéidir gur chóir dúinn a bheith sásta le céard atá againn, gan a bheith ag lorg níos mó an t-am ar fad.

Irene Ní Nualláin
Is i bhfoirm fuinneoige atá an saothar bunaithe agus ar na hiontais bheaga laethúla atá le feiceáil ar leac an dorais againn. Cuimhní den phortach, de na sléibhte agus den fharraige a choinnigh Eoghan ag imeacht le linn na dianghlasála agus iad le haithint ar a shaothar chomh maith.

Eoin Mac Lochlainn, Ealaíontóir
Rinne mé an ceann seo – Gairdín Cuimhneacháin – cailleadh go leor daoine i rith na paindéime agus tá sé deacair, bhfuil a fhios agat, céard le déanamh faoi, nó céard le rá i gcónaí, ach rinne mé ceann le comóradh a dhéanamh orthu, sin céard a bhí i gceist agam.

Irene Ní Nualláin
Is féidir turas fíorúil a thabhairt ar an taispeántas ar an suíomh oliviercornetgallery.com.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.